Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2020
(OR. en)**

**8628/20**

**DEVGEN 74
ACP 44
RELEX 422
FIN 343
OCDE 10**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8340/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2020 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle (5 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2020 chuig an gComhairle Eorpach maidir le spriocanna an Aontais i réimse na cabhrach um fhorbairt, arna bhformheas trí nós imeachta i scríbhinn ar an 5 Meitheamh 2020.

**Tuarascáil Bhliantúil 2020 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. An 17 Meitheamh 2010, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gealltanais agus comhlíonadh an Aontais agus na mBallstát i leith cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA)[1]. Seo an deichiú tuarascáil dá cineál a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Is díol sásaimh don Chomhairle an anailís a rinne an Coimisiún ar threochtaí i ndáil le gealltanais chomhchoiteanna agus aonair an Aontais i dtaca le ODA, bunaithe ar réamhaisnéis ó OECD/DAC maidir le ODA don bhliain 2019[2].

2. Meabhraítear don Chomhairle an gealltanas a thug an tAontas agus na Ballstáit maidir le gach sreabhadh airgeadais a úsáid go héifeachtach mar aon le modhanna cur chun feidhme neamhairgeadais, agus béim á leagan ar ghníomhaíocht intíre agus ar bheartais fhónta chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa 2015. Daingníonn an Chomhairle gealltanas an Aontais agus a Bhallstáit, idir chomhchoiteann agus aonair, maidir le maoiniú na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA), mar a leagtar amach é sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt[3] agus i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

3. I dtimpeallacht mhaoiniúcháin atá ag éirí níos casta, is gné thábhacht chatalaíoch é ODA ag a bhfuil ról lárnach i gcónaí sa mhaoiniú foriomlán atá ar fáil chun cabhrú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Is féidir le ODA a bheith ina chabhair chun modhanna eile cur chun feidhme a ghiaráil, go háirithe maoiniú intíre poiblí agus infheistíocht na hearnála príobháidí, ach an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuáil freisin.

---

[1] Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanas maidir le ODA.
[2] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_674
[3] 2017/C 210/01:Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach

4. Cé gur beag é, ó thaobh cainníochta de, an cúnamh oifigiúil um fhorbairt a thugtar ar bhonn domhanda do na tíortha atá i mbéal forbartha ina n-iomláine, is foinse mhór airgeadais é do na tíortha is boichte, go háirithe na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus na tíortha is mó atá i ngátar, lena n-áirítear tíortha i ndálaí leochaileacha nó coinbhleachta, agus tíortha atá buailte ag leochaileachtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide, tíortha nach bhfuil an acmhainneacht intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.

5. Agus an méid thuas á thabhairt ar aird, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

   a) In 2019, shroich ODA[4] comhchoiteann AE28[5] EUR 75.2 billiún[6], suas ó EUR 74.9 billiún in 2018[7].

---

[4] Is ionann ODA comhchoiteann an Aontais agus suim ODA ó Bhallstáit an Aontais agus an chuid de ODA a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit. Tromlach chaiteachas institiúidí an Aontais ar ODA, inleagtar ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh é, i.e. áirítear cuid de chaiteachas na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. ODA a chuirtear ar fáil trí acmhainní dílse an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), ní inleagtar ar Bhallstáit é agus tá sé sa bhreis ar ODA na mBallstát.

[5] Áirítear an Ríocht Aontaithe i gcomhiomlán an Aontais mar go gcríochnaíonn an tréimhse thagartha roimh fheidhm a bheith ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020.

[6] Ar bhonn coibhéis deontas, arb í an mhodheolaíocht nua chun luach ODA iasachtaí lamháltais a ríomh, a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair anuraidh ar shonraí 2018 maidir le hiasachtaí oifigiúla agus iasachtaí chuig institiúidí iltaobhacha. Go hachomair, is meastachán í an choibhéis deontas, ag luach airgid an lae inniu, ar an méid a thugtar amach thar shaolré idirbhirt airgeadais, i gcomparáid le hidirbheart ag dálaí margaí - i.e tomhaistear iarracht iarbhír an deontóra leis. Is í an choibhéis deontais an eilimint deontais arna hiolrú faoin tsuim airgid a shíntear le haghaidh iasachtaí ODA agus gabhann eilimint deontais 100 % le deontais ODA. Cuireann an córas feabhas ar thuairisciú iasachtaí ODA agus fágann sé gur féidir a chur san áireamh na hiarrachtaí a dhéanann deontóirí iasachtaí a sholáthar ag brath ar a leibhéil lamháltais, eadhon, an leibhéal tairbhe don iasachtóir i gcomparáid le hiasacht ar ráta an mhargaidh. San am a chuaigh thart ("modh ar bhonn sreabhadh") taifeadadh na sreafaí iarbhír airgid idir tír is deontóir agus tír is faighteoir agus taifeadadh iasacht ar "luach ainmniúil" mar ODA ach rinneadh aisíocaíochtaí ó thíortha ina dhiaidh sin a dhealú mar ODA diúltach.

[7] I dtéarmaí ainmniúla.

b) Choimeád an tAontas agus a 28 mBallstát a seasamh mar an soláthróir ODA is mó ar domhan (féach Figiúr 1), ós iad a thugann 55.2 % den ODA iomlán a thugann Coiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OCED) do thíortha i mbéal forbartha. Daingnítear leis sin ceannaireacht an Aontais i ndáil leis an gclár oibre domhanda maidir le forbairt inbhuanaithe.

c) B'ionann ODA comhchoiteann AE28 agus 0.46 % d' ollioncam náisiúnta (OIN)[8] an Aontais; tá sin níos ísle ná cóimheas 2018 a sheas ag 0.47 %[9], ach tá sé fós cuid mhaith níos airde ná an meán do chomhaltaí DAC nach Ballstát den Aontas Eorpach iad, a sheas ag 0.21 % OIN in 2019 (féach Figiúr 2).

d) Sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7 % ODA/OIN (Féach Figiúr 3 agus Tábla 1). D'ardaigh cóimheas ODA/OIN i sé Bhallstát de chuid an Aontais, d'fhan sé mar a bhí sé i 14 Bhallstát [10], agus thit sé in 8 mBallstát.

6. Tá imní mhór i gcónaí ar an gComhairle faoin treocht diúltach fhoriomlán in ODA/OIN comhchoiteann an Aontais, agus é ag titim don tríú bliain as a chéile, agus faoin titim siar i ndáil leis an sprioc chomhchoiteann 0.7 % OIN a sholáthar mar ODA.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an feabhas beag in ODA do na tíortha is lú forbairt, a d'ardaigh go 0.125 % OIN in 2018[11] (féach Tábla 2), ag gabháil suas don dara bliain as a chéile, ach tá imní mhór uirthi fós nach bhfuil a sprioc chomhchoiteann bainte amach ag an Aontas go fóill 0.15 % - 0.20 % OIN a chur ar fáil do na tíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma[12]. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá, mar ábhar práinne, borradh a chur faoi iarrachtaí an sprioc 0.20 % OIN a sholáthar mar ODA do na tíortha is lú forbairt ar bhonn comhchoiteann faoi 2030.

---

8 Is éard atá in ollioncam náisiúnta an Aontais suim OIN gach Ballstáit.

9 Go príomha is mar gheall ar OIN AE a bheith ag fás níos mó ná ODA i dtéarmaí ainmniúla is cúis le titim chóimheas ODA/OIN san Aontas idir 2018 agus 2019.

10 Tagraíonn an nath "d'fhan mar a bhí sé" do chóimheasa ODA le OIN ar tháinig athrú is lú ná 0.01 pointe céatadáin orthu.

11 Is í 2018 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí iomlána ar fáil ina leith. In 2018, d'éirigh le cúig Bhallstát de chuid an Aontais sprioc 2020 maidir le 0.15 % ODA/OIN a sholáthar do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a shárú, féach Tábla 2.

12 Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta ODA arb ionann é agus méid idir 0.15 % agus 0.20 % OIN an Aontais a thabhairt sa ghearrthéarma ar bhonn comhchoiteann do na tíortha is lú forbairt agus 0.20 % faoi 2030 (Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt 2017).

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun na spriocanna comhchoiteann agus na spriocanna aonair a bhaint amach agus 0.7 % OIN a sholáthar ar bhonn comhchoiteann mar ODA faoi 2030, go háirithe i bhfianaise na treochta laghdaithí in ODA agus na géarchéime ilghnéithí atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit gníomhaíochtaí nithiúla infhíoraithe d'fhonn na gealltanais sin a chur i gcrích agus go leanfaidh an Chomhairle d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Leanfaidh an Chomhairle de thuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá don Aontas agus a Bhallstáit rochtain ar mhaoiniú lamháltais a mhéadú do thíortha comhpháirtíochta agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá do bhuiséad an Aontais a bheith sách uaillmhianach le rannchuidiú le gealltanais chomhchoiteanna ODA a bhaint amach.

9. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht staideanna agus ar dhúshláin shonracha tíortha a théann ó stádas ísealioncaim go stádas meánioncaim. I gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt, glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le tíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, éagothromaíochtaí, earraí poiblí domhanda agus leasanna comhroinnte eile. I gcás tíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha a dteastaíonn níos lú cineálacha lamháltais cúnaimh uathu nó nach dteastaíonn cúnamh ar bith uathu, meabhraítear don Chomhairle go bhforbróidh an tAontas agus a Bhallstáit rannpháirtíocht nuálach, lena n-áirítear comhar airgeadais agus níos mó ná sin.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún bearta a chur chun cinn agus tionscnaimh a sheoladh, a mbeidh na Ballstáit páirteach iontu de réir mar is iomchuí, chun maoiniú inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a shaothrú, agus chun cuidiú le gealltanais ODA a bhaint amach. I dtaca leis an méid sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na tíortha is lú forbairt. Is díol sásaimh don Chomhairle an nuashonrú a rinne an Coimisiún maidir le Comhar um Fhorbairt an Aontais leis na tíortha is lú forbairt agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de thuairisciú rialta a dhéanamh chuig na Ballstáit maidir leis na bearta agus na tionscnaimh sin agus leanúint de na Ballstáit a thabhairt cothrom le dáta ina leith d'fhonn an tacaíocht a thugann an tAontas do na tíortha is lú forbairt a neartú.

11. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin ar leith a bhíonn ag tíortha i mbéal forbartha san Afraic agus, i ndáil leis sin, cuireann sí i dtreis an tábhacht a bhaineann le cúnamh oifigiúil um fhorbairt a dhíriú ar an mór-roinn sin, ag cloí go hiomlán, ag an am céanna, le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle an cur chuige "Foireann na hEorpa" chun tacú le riachtanais ghearrthéarmacha na dtíortha comhpháirtíochta agus leis na riachtanais fhadtéarmacha a thiocfaidh le tionchair struchtúracha COVID-19 ar shochaithe agus ar an ngeilleagar. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do na prionsabail maidir le comhar éifeachtach don fhorbairt a comhaontaíodh i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Busan maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach, ós rud é go bhfuil siad ríthábhachtach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí comhchoiteanna a rinneadh maidir le clársceidealú comhpháirteach an Aontais agus na mBallstát agus iarrann sí ar an Aontas agus a Bhallstáit oibriú níos fearr le chéile, lena n-áirítear rannpháirtíocht chuimsitheach a áirithiú sa chur chun feidhme, agus úsáid níos mó á baint acu as clársceidealú comhpháirteach, cur chun feidhme comhpháirteach agus creataí torthaí comhpháirteacha, de réir mar is iomchuí.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le Creataí Comhtháite Náisiúnta Maoinithe. Cuireann an Chomhairle i dtreis an gá le leanúint de thacaíocht a thabhairt do Chreataí Comhtháite Náisiúnta Maoinithe mar chur chuige cuimsitheach, comhtháite chun leas a bhaint as maoiniú ó na foinsí uile atá ar fáil chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle go gcuirfear leis an obair chomhpháirteach ar leibhéal na dtíortha idir an tAontas agus a Bhallstáit agus gach geallsealbhóir ábhartha idirnáisiúnta agus náisiúnta sa mhéid a bhaineann le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus, go háirithe, lena maoiniú.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle seoladh an tuairiscithe maidir le Tacaíocht Oifigiúil Iomlán le haghaidh na Forbartha Inbhuanaithe, a forbraíodh trí phlé oscailte, cuimsitheach, trédhearcach sa tascfhórsa *ad hoc* idirnáisiúnta. Agus ról ODA á urramú aici, cuireann an Chomhairle i dtreis go gcabhróidh an Tacaíocht Oifigiúil Iomlán le haghaidh na Forbartha Inbhuanaithe le trédhearcacht agus eolas faoi acmhainní a chuireann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a thomhas ar bhealach níos fearr agus iad a fheabhsú. Tá an Chomhairle ag tnúth leis na réamhthorthaí, bunaithe ar shonraí ó 2019, a fheiceáil. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur bunaíodh Meitheal de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Tacaíocht Forbartha a Thomhas, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus ag tógáil ar an obair ábhartha a rinneadh cheana sa réimse sin. Chun go mbainfidh an Tacaíocht Oifigiúil Iomlán le haghaidh na Forbartha Inbhuanaithe úsáid as iomlán a hacmhainneachta, bheadh sé ríthábhachtach go mbeadh soláthraithe atá ag teacht chun cinn rannpháirteach.

15. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar den obair leis na Náisiúin Aontaithe, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus le bainc forbartha iltaobhacha agus déthaobhacha maidir le forbairt inbhuanaithe a mhaoiniú agus chun sásraí a fhorbairt le faireachán a dhéanamh ar thionchar an mhaoiniúcháin sin ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus le measúnú a dhéanamh ar na torthaí, agus chun maoiniú príobháideach a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire toradh an Fhóraim maidir le Maoiniú don Fhorbairt a thionóil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe agus a glacadh i Nua-Eabhrac ar an 27 Aibreán 2019. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndírítear, sa doiciméad deiridh ón bhFóram maidir le Maoiniú don Fhorbairt, ar an ngá atá le gníomhaíocht chomhordaithe, chinntitheach, nuálach beartais chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí maidir leis an tsláinte agus maidir le slándáil an tsoláthair bia agus ar iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 san fhadtéarma. Beidh pacáiste athchóiriúcháin "Foireann na hEorpa" ríthábhachtach ina leith sin.

IARSCRÍBHINN 1

**Gealltanais agus Spriocanna reatha chúnamh oifigiúil um fhorbairt an Aontais Eorpaigh (Conclúidí ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2015 (9241/15, mír 31-33))**

"(…) Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta an sprioc sin a choimeád nó leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit sin ar Ballstáit iad ó 2002 ar aghaidh, déanfaidh siad a ndícheall ODA/OIN a mhéadú go 0.33 %.

Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, mar aonad, an sprioc 0.15 – 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach sa ghearrthéarma, agus an sprioc maidir le 0.20 % OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015."

**An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt 'Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí' (Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, an 7 Meitheamh 2017, mír 103.)**


Tá sé geallta ag an Aontas ar bhonn comhchoiteann go ndéanfaidh sé 0.7 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Ionas go ndíreofar acmhainní ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu, geallann an tAontas go mbainfidh sé amach ar bhonn comhchoiteann an sprioc go gcuirfear 0.15 - 0.20 % ODA/OIN ar fáil do thíortha is lú forbairt, go gearrthéarmach, agus go mbainfidh sé amach an sprioc go gcuirfear 0.20 % ODA/OIN ar fáil laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit na dúshláin ar leith a bhíonn le sárú ag na tíortha atá i mbéal forbartha san Afraic. (…) Leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun agus cuirfidh siad tuarascáil ar fáil go bliantúil lena gceadófar trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí.

**Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (a d'fhormhuinigh an Comhthionól Ginearálta i rún 69/313 uaidh ar an 27 Iúil 2015, mír 51-52)**

(…) Athdhearbhaíonn soláthraithe ODA a ngealltanais ODA faoi seach, lena n-áirítear an gealltanas a rinne go leor tíortha chun an sprioc 0.7 % ODA/OIN, agus 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN do na tíortha is lú forbairt, a bhaint amach. Is cúis dóchais dúinn iad na tíortha sin ar éirigh leo a ngealltanas 0.7 % ODA/OIN agus an sprioc 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a shárú. Tathantaímid ar gach tír eile dlús a chur lena n-iarrachtaí a ODA a mhéadú agus iarrachtaí breise nithiúla a dhéanamh chun spriocanna ODA a bhaint amach. Is díol sásaimh dúinn an cinneadh ón Aontas Eorpach a athdhearbhaíonn a ghealltanas comhchoiteann an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015, agus geallann sé an sprioc 0.15 % go 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann sa ghearrthéarma, agus an sprioc 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Tathantaímid ar sholáthraithe ODA machnamh a dhéanamh ar sprioc a leagan síos ar a laghad 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do thíortha is lú forbairt.


Aithnímid a thábhachtaí atá sé na hacmhainní lamháltais a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar agus is lú atá in ann acmhainní eile a shlógadh. Ina leith sin tugaimid dár n-aire, agus is cúis imní dúinn é, an laghdú i sciar ODA do na tíortha is lú forbairt agus geallaimid an laghdú sin a chur ina cheart. Is díol spreagtha dúinn na tíortha sin a leithdháileann ar a laghad 50 % dá ODA ar na tíortha is lú forbairt.

Figiúr 1 – ODA comhchoiteann an Aontais i gcomparáid le soláthraithe DAC nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad in 2019 (mar choibhéis deontais)




NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2019.
NB: Áirítear an Ríocht Aontaithe in ODA comhchoiteann an Aontais mar go gcríochnaíonn an tréimhse thagartha roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020.


Figiúr 2 – ODA comhchoiteann an Aontais mar % OIN i gcomparáid le soláthraithe DAC nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad thar thréimhse ama (ar bhonn sreabhadh suas go 2017 agus i gcoibhéis deontais ó 2018 ar aghaidh)




NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh i bhfigiúirí ODA comhchoiteann an Aontais sa ghraf seo ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am, agus ní chuirtear san áireamh i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad ach na tíortha sin a bhí ina gcomhaltaí den DAC ag an am. Áirítear, go háirithe, an Ríocht Aontaithe in ODA comhchoiteann an Aontais mar go gcríochnaíonn an tréimhse thagartha roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020.

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2019.

Figiúr 3 – An bhearna idir leibhéil ODA 2019 agus spriocanna aonair comhaontaithe na 28 mBallstát agus treo an athraithe ó 2018 go 2019 (ar bhonn coibhéis deontais)




NB: Rinneadh na ríomhanna ag baint úsáide as praghsanna reatha. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2019. Ní mheasfar ach dearbh-athruithe 0.01 % ar a laghad mar mhéadú ná laghdú. Cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm go comhsheasmhach thar thréimhse ama agus is é is aidhm di nach measfar mion-eagsúlachtaí mar mhéadú ná laghdú. Tá Ballstáit a raibh méadú beag nó laghdú beag iontu i measc na dtíortha a mheastar a bheith cobhsaí.

## Tábla 1 – ODA comhchoiteann Bhallstáit an Aontais sa tréimhse 2010-2019

| Member State | 2010 | | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | Change 2018-2019 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | Volume in EUR Million | % of GNI |
| Austria | 912 | 0.32 | 799 | 0.27 | 860 | 0.28 | 882 | 0.27 | 930 | 0.28 | 1,193 | 0.35 | 1,479 | 0.42 | 1,110 | 0.30 | 991 | 0.26 | 1,082 | 0.27 | 90.38 | 0.0102 |
| Belgium | 2,268 | 0.64 | 2,019 | 0.54 | 1,801 | 0.47 | 1,732 | 0.45 | 1,844 | 0.46 | 1,717 | 0.42 | 2,080 | 0.50 | 1,948 | 0.45 | 1,959 | 0.43 | 1,945 | 0.42 | -13.76 | -0.0145 |
| Bulgaria | 31 | 0.09 | 35 | 0.09 | 31 | 0.08 | 37 | 0.10 | 37 | 0.09 | 37 | 0.09 | 61 | 0.13 | 55 | 0.11 | 58 | 0.11 | 58 | 0.10 | -0.35 | -0.0079 |
| Croatia | | | | | | | 34 | 0.08 | 54 | 0.13 | 46 | 0.09 | 37 | 0.07 | 48 | 0.10 | 67 | 0.13 | 70 | 0.13 | 2.88 | -0.0041 |
| Cyprus | 39 | 0.23 | 27 | 0.16 | 20 | 0.11 | 15 | 0.10 | 14 | 0.09 | 16 | 0.09 | - | - | - | - | 21 | 0.12 | 40 | 0.21 | 19.11 | 0.0932 |
| Czech Republic | 172 | 0.13 | 180 | 0.12 | 171 | 0.12 | 159 | 0.11 | 160 | 0.11 | 179 | 0.12 | 235 | 0.14 | 270 | 0.15 | 259 | 0.13 | 273 | 0.13 | 14.70 | -0.0013 |
| Denmark | 2,168 | 0.91 | 2,108 | 0.85 | 2,095 | 0.83 | 2,205 | 0.85 | 2,264 | 0.86 | 2,313 | 0.85 | 2,142 | 0.75 | 2,172 | 0.74 | 2,195 | 0.72 | 2,275 | 0.71 | 80.11 | -0.0052 |
| Estonia | 14 | 0.10 | 17 | 0.11 | 18 | 0.11 | 23 | 0.13 | 28 | 0.14 | 31 | 0.15 | 39 | 0.19 | 38 | 0.16 | 41 | 0.16 | 38 | 0.13 | -3.51 | -0.0268 |
| Finland | 1,006 | 0.55 | 1,011 | 0.53 | 1,027 | 0.53 | 1,081 | 0.54 | 1,232 | 0.59 | 1,161 | 0.55 | 958 | 0.44 | 961 | 0.42 | 834 | 0.36 | 1,006 | 0.42 | 172.36 | 0.0563 |
| France | 9,751 | 0.50 | 9,348 | 0.46 | 9,358 | 0.45 | 8,540 | 0.41 | 8,005 | 0.37 | 8,149 | 0.37 | 8,701 | 0.38 | 10,052 | 0.43 | 10,283 | 0.43 | 10,877 | 0.44 | 594.21 | 0.0123 |
| Germany | 9,804 | 0.39 | 10,136 | 0.39 | 10,067 | 0.37 | 10,717 | 0.38 | 12,486 | 0.42 | 16,173 | 0.52 | 22,368 | 0.70 | 22,182 | 0.67 | 21,163 | 0.61 | 21,266 | 0.60 | 103.46 | -0.0104 |
| Greece | 383 | 0.17 | 305 | 0.15 | 255 | 0.13 | 180 | 0.10 | 186 | 0.11 | 215 | 0.12 | 333 | 0.19 | 278 | 0.16 | 246 | 0.13 | 275 | 0.14 | 29.15 | 0.0047 |
| Hungary | 86 | 0.09 | 100 | 0.11 | 92 | 0.10 | 97 | 0.10 | 109 | 0.11 | 140 | 0.13 | 180 | 0.17 | 132 | 0.11 | 241 | 0.21 | 283 | 0.22 | 41.50 | 0.0067 |
| Ireland | 676 | 0.52 | 657 | 0.51 | 629 | 0.47 | 637 | 0.46 | 615 | 0.38 | 648 | 0.32 | 726 | 0.32 | 743 | 0.32 | 792 | 0.31 | 835 | 0.31 | 43.20 | -0.0012 |
| Italy | 2,262 | 0.15 | 3,111 | 0.20 | 2,129 | 0.14 | 2,584 | 0.17 | 3,022 | 0.19 | 3,609 | 0.22 | 4,601 | 0.27 | 5,197 | 0.30 | 4,397 | 0.25 | 4,377 | 0.24 | -19.97 | -0.0057 |
| Latvia | 12 | 0.06 | 14 | 0.07 | 16 | 0.07 | 18 | 0.08 | 19 | 0.08 | 21 | 0.09 | 27 | 0.11 | 28 | 0.11 | 29 | 0.10 | 30 | 0.10 | 1.10 | -0.0013 |
| Lithuania | 28 | 0.10 | 37 | 0.13 | 40 | 0.13 | 38 | 0.11 | 34 | 0.10 | 43 | 0.12 | 52 | 0.14 | 53 | 0.13 | 55 | 0.12 | 52 | 0.11 | -3.11 | -0.0108 |
| Luxembourg | 304 | 1.05 | 294 | 0.97 | 310 | 1.00 | 323 | 1.00 | 319 | 1.06 | 327 | 0.95 | 354 | 1.00 | 376 | 1.00 | 401 | 0.98 | 424 | 1.05 | 22.74 | 0.0665 |
| Malta | 10 | 0.18 | 14 | 0.25 | 14 | 0.23 | 14 | 0.20 | 15 | 0.20 | 15 | 0.17 | 19 | 0.20 | 22 | 0.21 | 28 | 0.25 | 35 | 0.29 | 7.47 | 0.0455 |
| The Netherlands | 4,800 | 0.81 | 4,563 | 0.75 | 4,297 | 0.71 | 4,094 | 0.67 | 4,200 | 0.64 | 5,162 | 0.75 | 4,491 | 0.65 | 4,399 | 0.60 | 4,795 | 0.62 | 4,727 | 0.59 | -67.50 | -0.0325 |
| Poland | 285 | 0.08 | 300 | 0.08 | 328 | 0.09 | 367 | 0.10 | 341 | 0.09 | 397 | 0.10 | 600 | 0.15 | 603 | 0.13 | 649 | 0.14 | 611 | 0.12 | -37.64 | -0.0138 |
| Portugal | 490 | 0.29 | 509 | 0.31 | 452 | 0.28 | 368 | 0.23 | 324 | 0.19 | 278 | 0.16 | 310 | 0.17 | 338 | 0.18 | 349 | 0.18 | 333 | 0.16 | -15.39 | -0.0166 |
| Romania | 86 | 0.07 | 118 | 0.09 | 111 | 0.09 | 101 | 0.07 | 161 | 0.11 | 143 | 0.09 | 184 | 0.11 | 195 | 0.11 | 211 | 0.11 | 224 | 0.10 | 13.38 | -0.0034 |
| Slovak Republic | 56 | 0.09 | 62 | 0.09 | 62 | 0.09 | 65 | 0.09 | 63 | 0.09 | 77 | 0.10 | 96 | 0.12 | 106 | 0.13 | 117 | 0.13 | 115 | 0.12 | -1.71 | -0.0070 |
| Slovenia | 44 | 0.13 | 45 | 0.13 | 45 | 0.13 | 46 | 0.13 | 46 | 0.12 | 57 | 0.15 | 74 | 0.19 | 67 | 0.16 | 71 | 0.16 | 77 | 0.16 | 6.11 | 0.0061 |
| Spain | 4,492 | 0.43 | 3,001 | 0.29 | 1,585 | 0.16 | 1,769 | 0.17 | 1,415 | 0.13 | 1,259 | 0.12 | 3,819 | 0.34 | 2,271 | 0.19 | 2,449 | 0.20 | 2,587 | 0.21 | 137.61 | 0.0027 |
| Sweden | 3,423 | 0.97 | 4,030 | 1.02 | 4,077 | 0.97 | 4,389 | 1.01 | 4,698 | 1.09 | 6,391 | 1.40 | 4,425 | 0.94 | 4,935 | 1.02 | 5,085 | 1.07 | 4,821 | 0.99 | -263.96 | -0.0818 |
| UK | 9,855 | 0.57 | 9,948 | 0.56 | 10,808 | 0.56 | 13,461 | 0.70 | 14,519 | 0.70 | 16,725 | 0.70 | 16,325 | 0.70 | 16,060 | 0.70 | 16,446 | 0.70 | 17,303 | 0.70 | 856.44 | 0.0059 |
| **EU15 Aggregate** | **52,594** | **0.46** | **51,840** | **0.44** | **49,749** | **0.42** | **52,962** | **0.44** | **56,058** | **0.44** | **65,320** | **0.49** | **73,113** | **0.54** | **73,022** | **0.52** | **72,383** | **0.50** | **74,132** | **0.50** | 1,749.08 | -0.0040 |
| **EU13 Aggregate** | **863** | **0.09** | **950** | **0.10** | **949** | **0.10** | **1,014** | **0.10** | **1,081** | **0.10** | **1,203** | **0.11** | **1,603** | **0.14** | **1,616** | **0.13** | **1,847** | **0.14** | **1,907** | **0.13** | 59.93 | -0.0046 |
| **EU27 Aggregate** | **43,602** | **0.41** | **42,842** | **0.39** | **39,890** | **0.36** | **40,515** | **0.36** | **42,620** | **0.36** | **49,797** | **0.41** | **58,391** | **0.47** | **58,578** | **0.45** | **57,784** | **0.43** | **58,737** | **0.42** | 952.57 | -0.0073 |
| **EU28 Aggregate** | **53,457** | **0.44** | **52,790** | **0.42** | **50,698** | **0.39** | **53,975** | **0.41** | **57,139** | **0.41** | **66,522** | **0.46** | **74,716** | **0.51** | **74,638** | **0.49** | **74,230** | **0.47** | **76,039** | **0.46** | 1,809.01 | -0.0050 |
| EU Institutions' ODA not imputed to EU Member States | 3,183 | 0.03 | 3,453 | 0.03 | 4,544 | 0.04 | 2,873 | 0.02 | 2,131 | 0.02 | 1,372 | 0.01 | 2,750 | 0.02 | 1,926 | 0.01 | 627 | 0.00 | -849 | -0.01 | -1,476.33 | -0.0091 |
| **EU27 Collective ODA** | **46,785** | **0.44** | **46,295** | **0.43** | **44,434** | **0.40** | **43,388** | **0.39** | **44,751** | **0.38** | **51,168** | **0.42** | **61,141** | **0.49** | **60,504** | **0.47** | **58,411** | **0.43** | **57,887** | **0.41** | -523.75 | -0.0180 |
| **EU28 Collective ODA** | **56,640** | **0.46** | **56,243** | **0.44** | **55,242** | **0.43** | **56,848** | **0.43** | **59,270** | **0.43** | **67,894** | **0.47** | **77,466** | **0.52** | **76,563** | **0.50** | **74,857** | **0.47** | **75,190** | **0.46** | 332.69 | -0.0141 |

NB: Tugtar figiúirí i sreafaí airgid suas go dtí 2017 agus i gcoibhéisí deontais ó 2018. Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2019.

NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh sa tábla seo ná ina fhigiúirí comhiomlána agus comhchoiteanna ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Áirítear, go háirithe, an Ríocht Aontaithe in ODA comhiomlán agus comhchoiteann AE28 mar go gcríochnaíonn an tréimhse thagartha roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020.

NB: Leis an gcomhartha "-" léirítear nár thuairiscigh an Ballstát ar leith sin aon sonraí ODA don bhliain sin.

Tábla 2: ODA Bhallstáit an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt 2016-2018

| Ballstát | 2016 | | 2017 | | 2018 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR milliúin) | Cóimheas ODA na dtíortha is lú forbairt /OIN (% OIN) | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR milliúin) | Cóimheas ODA na dtíortha is lú forbairt /OIN (% OIN) | ODA do na tíortha is lú forbairt (EUR milliúin) | Cóimheas ODA na dtíortha is lú forbairt /OIN (% OIN) |
| An Ostair | 226.2 | 0.06 | 260.2 | 0.07 | 270.1 | 0.07 |
| An Bheilg | 576.4 | 0.14 | 576.0 | 0.13 | 630.0 | 0.14 |
| An Bhulgáir | 13.6 | 0.03 | 11.2 | 0.02 | 11.8 | 0.02 |
| An Chróit | 7.5 | 0.02 | 8.6 | 0.02 | 12.9 | 0.03 |
| An Chipir | - | - | - | - | 4.3 | 0.02 |
| Poblacht na Seice | 49.9 | 0.03 | 56.9 | 0.03 | 54.9 | 0.03 |
| An Danmhairg | 589.6 | 0.21 | 646.6 | 0.22 | 615.4 | 0.20 |
| An Eastóin | 6.3 | 0.03 | 5.8 | 0.03 | 6.6 | 0.03 |
| An Fhionlainn | 292.2 | 0.13 | 288.3 | 0.13 | 266.1 | 0.11 |
| An Fhrainc | 1,900.0 | 0.08 | 2,442.2 | 0.10 | 2,872.2 | 0.12 |
| An Ghearmáin | 3,239.0 | 0.10 | 3,627.5 | 0.11 | 4,199.5 | 0.12 |
| An Ghréig | 42.7 | 0.02 | 50.0 | 0.03 | 50.8 | 0.03 |
| An Ungáir | 36.2 | 0.03 | 25.3 | 0.02 | 57.6 | 0.05 |
| Éire | 324.4 | 0.14 | 318.6 | 0.14 | 327.1 | 0.13 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Iodáil | 886.8 | 0.05 | 1,029.7 | 0.06 | 1,116.6 | 0.06 |
| An Laitvia | 5.4 | 0.02 | 5.4 | 0.02 | 5.6 | 0.02 |
| An Liotuáin | 9.3 | 0.03 | 9.6 | 0.02 | 10.4 | 0.02 |
| Lucsamburg | 148.6 | 0.42 | 161.3 | 0.43 | 189.4 | 0.46 |
| Málta | 0.9 | 0.01 | 3.2 | 0.03 | 2.3 | 0.02 |
| An Ísiltír | 1,071.1 | 0.15 | 926.7 | 0.13 | 1,145.2 | 0.15 |
| An Pholainn | 166.2 | 0.04 | 100.2 | 0.02 | 186.7 | 0.04 |
| An Phortaingéil | 90.0 | 0.05 | 109.4 | 0.06 | 108.9 | 0.06 |
| An Rómáin | 35.4 | 0.02 | 37.5 | 0.02 | 36.4 | 0.02 |
| Poblacht na Slóvaice | 17.1 | 0.02 | 19.8 | 0.02 | 21.4 | 0.02 |
| An tSlóivéin | 12.0 | 0.03 | 11.0 | 0.03 | 11.3 | 0.02 |
| An Spáinn | 498.9 | 0.04 | 518.3 | 0.04 | 581.7 | 0.05 |
| An tSualainn | 1,270.8 | 0.27 | 1,515.4 | 0.31 | 1,623.4 | 0.34 |
| An Ríocht Aontaithe | 5,086.7 | 0.22 | 5,394.7 | 0.23 | 5,428.9 | 0.23 |
| **ODA iomlán AE28 do na tíortha is lú forbairt** | **16,603.4** | **0.11** | **18,159.5** | **0.12** | **19,847.7** | **0.125** |

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Ríomhtar ODA do na tíortha is lú forbairt trí ODA glan déthaobhach na mBallstát do na tíortha is lú forbairt agus an ODA iltaobhach do na tíortha is lú forbairt a inleagtar ar na Ballstáit a shuimiú agus, ar an gcaoi sin, seachnaítear ODA institiúidí an Aontais do na tíortha is lú forbairt a chomhaireamh faoi dhó.